Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Márta 2026**
**(OR. en)**

**6929/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0120 (NLE)**

**ENFOPOL 76**
**CRIMORG 52**
**CT 30**
**IXIM 61**
**COLAC 32**
**CORDROGUE 29**
**RELEX 307**
**JAIEX 20**
**JAI 275**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach, de pháirt amháin, agus Poblacht Eacuadór, den pháirt eile, maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac<br>– glacadh |

1. An 15 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Eacuadór le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór maidir le malartú sonraí pearsanta idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[1].

2. An 24 Deireadh Fómhair 2023, thug an Coimisiún an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí (Póilíní) cothrom le dáta maidir le stádas na caibidlíochta idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór. Díríodh sa phlé ar raon feidhme na caibidlíochta a leathnú chun malartú sonraí neamhphearsanta a áireamh[2].

[1] 8516/23 + ADD1.
[2] 14305/23.

3. Ar bhonn an chinnidh sin agus phlé an 24 Deireadh Fómhair 2023, chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta le húdaráis inniúla Eacuadór idir mí an Mheithimh 2023 agus mí Feabhra 2025.

4. Tugadh chun críche go rathúil an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór i ndáil le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac ('an Comhaontú') agus cuireadh inisealacha le téacs an Chomhaontaithe an 3 Márta 2025.

5. An 22 Bealtaine 2025, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas faoi bhráid na Comhairle:

   (a) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[3] ('Cinneadh maidir le síniú'); agus

   (b) togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontaigh Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Eacuadór maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis Eacuadór atá inniúil chun an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac[4] ('Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích').

[3] 9295/25+ ADD 1.
[4] 9297/25+ ADD 1.

6. An 24 Meitheamh 2025, phléigh an Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí (Póilíní) na tograí sin agus téacs an Chomhaontaithe a bhí ag gabháil leo mar iarscríbhinn (ADD 1). Níor tarraingíodh aon saincheisteanna anuas le linn an chruinnithe maidir le téacs an Chomhaontaithe. Tar éis an chruinnithe, mhol na Ballstáit roinnt athruithe. Tar éis tréimhse chomhairliúcháin i ndáil leis an dréachtchinneadh athbhreithnithe maidir leis an síniú agus an dréachtchinneadh athbhreithnithe maidir leis an gconclúid, níor ardaigh na Ballstáit aon saincheist bhreise maidir le substaint. I ndiaidh an chomhaontaithe sin ar an leibhéal teicniúil, rinne na dlítheangeolaithe athbhreithniú ar na téacsanna[5].

7. An 18 Iúil 2025, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[6] agus, ina dhiaidh sin, síníodh an Comhaontú an 23 Meán Fómhair 2025.

8. Cuireadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

9. I gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, caithfear toiliú ó Pharlaimint na hEorpa a fháil sula nglacfaidh an Chomhairle an Cinneadh maidir le tabhairt i gcrích.

10. An 26 Meán Fómhair 2025, sheol an Chomhairle iarraidh ar thoiliú chuig Parlaimint na hEorpa, agus an 11 Márta 2026 thug Parlaimint na hEorpa a toiliú chun an Comhaontú a thabhairt i gcrích.

---

5 Leagtar amach téacsanna athbhreithnithe na gcinntí agus an Chomhaontaithe in 10960/25 (Cinneadh maidir le síniú), in 10965/25 (Cinneadh maidir le tabhair i gcrích) agus in 10969/25 (Cinneadh). Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh na gCinntí sin. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na gCinntí sin agus níl sí faoi cheangal acu ná faoi réir a gcur i bhfeidhm.

6 10960/25.

11. I bhfianaise an mhéid thuas agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích, mar a leagtar amach in 10965/25 é, a ghlacadh mar mhír 'A', a bhfuil an Comhaontú i gceangal leis, mar a leagtar amach in 10969/25 é;

– a aontú go bhfoilseofar téacs an Chinnidh maidir le tabhairt i gcrích, mar aon le téacs an Chomhaontaithe, san Iris Oifigiúil;

– a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.